
LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

# Conair an Chósta Thoir Thuaidh Céim 1

## (Ceantar Bhóthar Ailf Uí Bhroin /Bhóthar an Phoirt Thoir)

## BILEOG EOLAIS






1km

## CÉARD ATÁ SA BHILEOG EOLAIS SEO?

1. Forbhreathnú ar an Tionscadal
2. Léirshamhluithe an Tionscadail
3. Bainistíocht Tráchta
4. Sonraí Teagmhála
5. Tuilleadh Nuashonruithe

Tá Conair an Chósta Thoir Thuaidh: Céim 1 mar chuid de bhunlíonra taistilChomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair atá á mhaoiniú. Feabhsóidh sé áiseanna siúil agus rothaíochta agus cuirfidh sé crosairí sábháilte ar fáil feadh conaire 1km a shíneann ó bhealach isteach Pháirc Ghnó an Phointe Thoir ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin feadh Bhóthar an Phoirt Thoir go dtí a acomhal leis an mBóthar Thoir. I gCéim den tionscadal a chuirfear i gcrích amach anseo, leanfar an áis feadh Bhóthar an Phoirt Thoir chomh fada le Droichead Thomáis Uí Chléirigh (a dtugtar Droichead Dola an Nascbhóthair Thoir air go hiondúil).

## AMLÍNE

| Bealtaine 2023 | Meitheamh 2023 | R2 2024 |
|---|---|---|
| Fógairt tairiscintí | Tús na nOibreacha | Deireadh na nOibreacha |

Tugtar eolas sa bhileog eolais seo ar na hoibreacha foirgníochta atá beartaithe don bhliain seo. Tá obair foirgníochta ar an tionscadal seo le tosú i mí an Mheithimh 2023. Chun an tionscadal casta ach fiúntach seo don chathair a chur ar fáil, beidh roinnt cur isteach sealadach nach féidir a sheachaint ar an trácht sa cheantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir ár ndícheall é seo a íoslaghdú a oiread agus is féidir.

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

# 1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL


Déanfaidh Conair an Chósta Thoir Thuaidh: Céim 1:

- Crosairí reatha do choisithe a uasdátú agus dhá cheann nua a chur isteach
- Deireadh a chur le páirceáil ar chosáin ar Bhóthar an Phoirt Thoir ach bánna páirceála a chur ar fáil
- Áiseanna do rothaithe a fheabhsú ach bealach rothaíochta scoite dhá threo a chur ar fáil sa cheantar
- Nascadh leis an áis nua rothaíochta agus coisithe atá á tógáil faoi láthair trí Pháirc Fhionnradharc
- 'Crios Scoile' a chur ar fáil in aice le Coláiste Iósaif an Fhionnradharc
- An áis athchúrsála ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin a uasdátú le limistéar tuirlingthe a chur ann d'fheithiclí
- Siúl agus rothaíocht a spreagadh sa cheantar ach áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil.
- Cur le laghdú sna hastaíochtaí iompair i dtreoir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ach athrú córa iompair i dtreo taisteal gníomhach agus úsáid an chórais iompair phoiblí a spreagadh



Scéim Mholta ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin

## 2 LÉIRSHAMHLUITHE AN TIONSCADAIL





## 3 SOCRUITHE SEALADACHA MAIDIR LE BAINISTÍOCHT TRÁCHTA

Coimeádfaidh na socruithe sealadacha maidir le bainistíocht tráchta le linn na n-oibreachadhá lána tráchta ar a laghad trí chonair an tionscadail, agusar a laghad lána tráchta amháin isteach agus lána tráchta amháin amach feadh Bhóthar an Phoirt Thoir agus BhótharAilf Uí Bhroin. Éascófar rochtain ar bhealaí isteach cónaithe agus tráchtálai gcónaí le linn na n-oibreacha.

Feadh roinnt codanna den chonair, d'fhéadfadh gá a bheith le trácht a laghdú go lána amháinar feadh tréimhsí gearra. Déanfar na hoibreacha seo ag amanna ag a ndéanfaidh siadan méid is lú cur isteach. Beidh gá le roinnt oibreacha sa tráthnóna freisin.

Ar mhaithe le cur isteach a íoslaghdú, rachaidh ár gconraitheoir i mbun comhairlele conraitheoirí eile atá ag obair sa cheantar.




SOCRÚ TÁSCACH MAIDIR LE BAINISTÍOCHT SHEALADACH TRÁCHTA DO BHÓTHAR AN PHOIRT THOIR



Scéim Mholta ar Bhóthar an Phoirt Thoir

## 4 SONRAÍ TEAGMHÁLA

Má tá tuilleadh eolais uait maidir leis an tionscadal Conair an Chósta Thoir Thuaidh: Céim 1 nó más maith leat dul i dteagmháil le foireann tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, féach na roghanna seo thíos:

- www.dublincity.ie/activetravel
- activetraveloffice@dublincity.ie agus Conair an Chósta Thoir Thuaidh: Céim 1 sa líne ábhair
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Tionscadail Lár na Cathrach, An Roinn Comhshaoil & Iompair, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, B.A.C. 8, D08 RF3F
- Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

Le dul i dteagmháil leis an gconraitheoir, Circet Networks (Ireland) Limited:

- Teagmháil Éigeandála 24 uair an chloig: 087 181 8334
- sean.deegan@knns.ie
- www.circet.ie

## 5 TUILLEADH NUASHONRUITHE

Tá fáil ar na líníochtaí deartha le breathnú orthu ag Ionad Pobail Sean O'Casey,Bóthar Mhuire Thuaidh, An Port Thoir, Baile Átha Cliath, D03 AY74, nó isféidir teacht orthu go héasca agus iad a íoslódáil ag www.dublincity.ie/activetravel

Tabharfar nuashonruithe rialta maidir le socruithe bainistíochta tráchtade réir mar a leanann na hoibreacha ar aghaidh.

Tá súil againn go raibh an t-eolas seo úsáideach, agus, faoi mar a leagtar amach thuas, cuirfear tuilleadh nuashonruithe ar fáil le linn sheachadadh thionscadal Chonair an Chósta Thoir Thuaidh: Céim 1